Cúirt an Ṁeán Oíċe

Ba ġnáċ mé ag ṡiúl le ciuṁais na hadhann
Ar ḃáinṡeaċ úr is an drúċt go trom,
In aice na gcoillte, i gcoim an tslé',
Gan ṁairg, gan ṁoill, ar ḟoilse an lae.
Do ġeallaḋ mo ċroí nuair ċínn Loċ Gréine,
An talaṁ, an tír, is íor na sséise;
Taitneaṁaċ doiḃinn suíoṁ na sléiḃte
Ag basairt a gcinn ṫar ḋroim a ċéile.
Do ġeallsaḋ an croí ḃeaḋ críon le cianta,
Caite gan ḃrí, nó líonta de ṗianta,
An séiṫleaċ searḃ gan sealḃ gan saiḃreas
D'ḟéaċsaḋ tamall ṫar ḃarra na gcoillte
Ar laċain 'na scuainte ar ċuan gan ċeo
'S an eala ar a ḃfuaid 's í ag gluaiseaċt leo;
Na héisc le meiḋir ag éirí in airde,
Péirse im radharc go taiḃseaċ tarrḃreac,
Dać an loċa agus gorm na dtonn
Ag teaċt go tolgaċ torannaċ trom.
Ḃíoḋ éanlaiṫ i gcrainn go meiḋreaċ móṁar
Is léimneaċ eilte i gcoillte im ċóngar,
Géimreaċ aḋairce is radharc ar ṡlóite,
Tréanriṫ gaḋar is Reynard rómpu.
Tréanriṫ gaḋar is Reynard rómpu.